



**Chuíg: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, agus na  
Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha  
agus  
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Soláthraí Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF)  
'Wellbeing Together: Folláine le Chéile'**

**1. Réamhrá**

- 1.1 Tá Straitéis Sláinte Cheirde ann mar acmhainn tacaíochta d'fhostaithe. Is í aidhm na straitéise sláinte na bhfostaithe san ionad oibre a chur chun cinn, le béim go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Tá an Straitéis Sláinte Cheirde comhdhéanta den Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF) agus an tSeirbhís Sláinte Cheirde (SSC).
- 1.2 Tá an SCF ar fáil faoi láthair le haghaidh múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus oifigigh cléireachais/feighlithe faoi Scéim 1978/79.

**2. Soláthraí SCF nua**

- 2.1 De thoradh próiseas soláthair Oifigí an Rialtais, tá an conradh nua SCF tugtha do Spectrum.Life ón 26 Iúil 2020. Tabharfar 'Wellbeing Together: Folláine le Chéile' ar an seirbhís le haghaidh na bhfostaithe seo.

**3. SCF**

- 3.1 Seirbhís féin-atreoraithe is ea an SCF mar a mbeidh rochtain ag fostaithe ar an líne chabhrach rúnda saorghlao ar leith 1800 411 057, 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain. Freagraíonn Cásbhainisteoir atá ina chomhairleoir cáilithe gach glaoch teileafón. Is féidir le fostaithe an téacs 'Hi' a chur freisin chuig 087 369 0010 le leas a bhaint as tacaíocht SCF ar SMS agus WhatsApp.
- 3.2 Cuireann an SCF comhairle ar fáil d'fhostaithe ar réimse saincheistanna lena n-áirítear folláine, agus ceistanna dlí, airgeadais, méala, coimhlinte, eadráine.
- 3.3 Cuireann an SCF comhairle agus tacaíocht ar fáil do bhainisteoirí agus déanann sé idirghabháil le cabhrú leo déileáil le saincheistanna sláinte agus folláine san ionad oibre.
- 3.4 Más cuí, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus do bhaill teaghlaigh. Áirítear mar bhall teaghlaigh céile, páirtí sibhialta nó cleithiúnaí, nuair is féidir cur síos ar bhall teaghlaigh mar dhuine os cionn 18 a chónaíonn in áras an teaghlaigh. De bhreis air sin, tá teiripe chognaíochta iompraíoch ar fáil ar líne d'fhostaithe.
- 3.5 Tá seirbhís shaincheaptha ar fáil ó Spectrum.Life le freastal ar shainriachtanais folláine na bhfostaithe. Tá tairseach shaincheaptha folláine agus aip ar fáil le réimse seirbhísí ar líne le rochtain ar chomhrá beo, físeáin, podchraolta agus blaganna faoi ábhair a bhaineann le meabhairshláinte, saol teaghlaigh, aclaíocht agus cothú. Tá an t-ardán ar fáil ar an nGréasán ar iOS App nó Android App.
- 3.6 Mar chuid den SCF, tá Bainisteoir Cothú Meabhairshláinte ar fáil le tograí meabhairshláinte agus folláine bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhonn stiogma a laghdú agus meabhairshláinte agus litearthacht a fheabhsú agus idirghabháil leis an seirbhís a mhéadú. Beidh sraith seimineár gréasáin agus taispeántais á soláthar ag Spectrum.Life chomh maith le folláine a chur chun cinn i scoileanna sa scoilbhliain seo chugainn.

Alfie Barrett  
Príomhoifigeach  
Roinn Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS  
24 Iúil 2020